

Ní neart go cur le chéile.

Is beag cosúlacht atá idir an Eoraip a fágadh deighlte, scriosta tar éis uafáis an dara cogadh domhanda agus na tíortha síochánta, aontaithe atá ann anois, a bhuíochas sin don Aontas Eorpach (AE).

Cé gur 27 tír neamhspleácha atá san Aontas Eorpach, fágтар faoi thrí phríomh-institiúid an AE cinntí áirithe a dhéanamh i dtaobh cúrsaí a bhaineann leis na Ballstáit i gcoitinne. Is í an Pharlaimint guth an phobail agus is iad saoránaigh an AE a thoghann na feisirí gach cúig bliana, tagann airí ó rialtais na mBallstát ar fad le chéile sa Chomhairle chun saincheisteanna a phlé, agus féachann an Coimisiún chuig leasanna na hEorpa ar fad a chur chun cinn.

Ceann de spriocanna an AE ó thús ab ea margadh aonair a bhunú chun saorthrádáil a chothú idir na Ballstáit agus chun go mbeadh geilleagar mór amháin ann. Mar thoradh ar an mbeartas sin tá Coinbhinsiún Schengen agus airgeadra aonair, an euro, ann. Faoi Schengen, ceadaítear saorghluaiseacht saoránach thar theorainneacha inmheánacha na dtíortha Eorpacha atá páirteach ann. Tá taisteal san Eoraip níos éasca de bharr an euro freisin. Ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle reachtaíocht nua le déanaí chun táillí fánaíochta fón a laghdú; buntáiste eile den mhargadh aonair é sin.

Cuireann an AE deis iontach ar fáil do mhic léinn tríú leibhéal dul ag staidéar i dtíortha eile faoi chlár Erasmus. Ní hamháin go gcuirtear lena réimse staidéir, ach is deis é chun léargas a fháil ar chultúir éagsúla an AE. Ar an gcuma chéanna, tugann clár Leonardo seans do dhaoine óga taithí phraiticiúil a fháil i réimse an ghairmoideachais.

Ní ar chúrsaí Eorpacha amháin a dhíríonn an AE, áfach. Is fadhb mhór é an t-athrú aeráide don domhan uile agus chun déileáil leis sin tá an AE ag cur beartas le chéile maidir le fuinneamh nach ndéanann díobháil don chomhshaol agus nach gcuireann isteach ar an bhfás eacnamaíoch. Tá sé geallta ag an AE go ngearrfar siar 20% ar astaíochtaí carbóin faoin mbliain 2020.

Os cionn 50 bliain tar éis bhunú an Aontais Eorpaigh, tá an Eoraip níos aontaithe agus níos oscailte ná mar a bhí riamh, agus tá níos mó saoirse againn dá bharr. Gura fada buan é!